Eagrán : Deireadh Fómhair 2019

Gaelscoil Thaobh na Coille

22/10/2019

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Ní Neart go Cur le Chéile

## Foireann Peile na gCailíní ag tabhairt aghaidh ar Pháirc an Chrócaigh

*Tá craobh Roinn 1 Cumann na nBunscol bainte amach ag foireann peile na gcailíní – agus iad ag imirt in aghaidh na scoileanna is mó agus is fearr peile sa chondae. Ócáid iontach speisialta í seo agus tá an scoil ar fad an-bhródúil as an éacht atá déanta ag na cailíní Páirc an Chrócaigh a bhaint amach sa roinn an-dúshlánach seo.*

*Imreofar Craobh Sciath Austin Finn i bPáirc an Chrócaigh ar an gCéadaoin seo an 23 Deireadh Fómhair ag 11.10am. Scoil Náisiúnta an Easpaig Ó Gealbháin, Teampall Óg, scoil dhá oiread chomh mór linn féin a bheidh in iomaíocht linn agus níl dabht ar bith ach go bhfuil cluiche fíor-dhúshlánach os ár gcomhair.*



*Beidh daltaí R3 go R6 ag dul go Páirc an Chrócaigh ar an gCéadaoin le tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus táim cinnte go gcloisfear iad ag screadaíl ar bharr a ngutha ag gríosadh na gcailíní san imirt. Míle, míle buíochas leis an Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh (bainisteoir), an Múinteoir Katie Grimes agus Turlough Ó Meachair (Daidí Aoibheann) as ucht an traenáil a rinne siad leis an bhfoireann le dhá mhí anuas.*

The girls' football team has reached the Cumann na mBunscol Division 1 shield final – playing against the biggest and best footballing schools in the county. This is a really special occasion and the school is extremely proud of the girls for getting this far in an extremely competitive and challenging division. What a wonderful achievement. The Austin Finn Shield Final will be played in Croke Park at 11.10am on Wednesday 23rd October. Gaelscoil Thaobh na Coille will take on Bishop Galvin NS, Tempelogue, a school double our size and we are in no doubt that we have a challenging match ahead.

Pupils from R3 to R6 will travel to Croke Park on Wednesday to support their team and I'm sure their voices will be heard above the crowds as they encourage the girls on the pitch. Míle, míle buíochas to An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh (bainisteoir), An Múinteoir Katie Grimes and Turlough Ó Meachair (Daidí Aoibheann) for all the time they have put into training the girls over the last two months. *Guímíd gach rath ar na cailíní ar an lá - méaranna agus barraicíní crosáilte!*

## Boscaí Bróg na Nollag

Beidh muid ag bailiú boscaí bróg arís i mbliana ar son an **Christmas Shoebox Appeal.** Seolfar bileog eolais faoin bhfeachtas abhaile chugaibh an tseachtain seo (féach ag bun na málaí scoile) agus is féidir cuairt a thabhairt www.teamhope.ie le breis eolais a fháil. Más mian libh páirt a ghlacadh ann, seol na boscaí isteach ar scoil i ndiaidh an bhriseadh & roimh an **Aoine 8 Samhain.**



## Christmas Shoebox Appeal

*We will be collecting again this year for the Team Hope* ***Christmas Shoebox Appeal****. An information leaflet will be sent home this week (check bottom of school bag) and you can also visit their website @ www.teamhope.ie for further information. If you wish to participate please return your shoebox to the school after the mid-term break & before* ***Friday the 8th of November.***

## Taispeántas na Naíonáin

Naíonáin shóisearacha (N1A, N1B, N1C) ag déanamh cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an **DÉARDAOIN** an **24 Deireadh Fómhair** ag 12.45pm (N1A) & 1pm (N1B & N1C).Tae/caifé sa halla óna



## Junior Infant Recital

Our Junior Infants (N1A, N1B, N1C) will put on a small performance for their parents, of the poems and the songs they are learning at school on **THURSDAY** the **24th of October** at 12.45pm (N1A) & 1pm (N1B & N1C). Tea/Coffee will be served in the

## Lá na nGeansaithe 2019

Buíochas le gach duine a thacaigh le lá na nGeansaithe ar an Aoine 11 Deireadh Fómhair. Bailíodh **€809** do Goal ar an lá.

Tá GOAL ag bailiú airgid i mbliana do mhuintir Siria, an tSúdáin Theas agus na Maláive. Níl deireadh leis an gcogadh i Siria agus tá cabhair dhaonnúil níos tábhachtaí san lá atá inniu ann ná mar a bhí riamh. Tá GOAL tar éis tacú le 14,000 teaghlach trí shábháilteacht bhia agus idirghabháil shlí bheatha sa tSúdáin Theas. Beidh béim ar oideachas sláinte sa Mhaláiv freisin.




## GOAL Jersey Day 2019

Thanks to everyone who supported Goal Jersey day on Friday 11 October. **€809** was raised for Goal on the day.

GOAL is collecting money for the people of Syria, South Sudan and Malawi. The conflict in Syria continues to rage and humanitarian aid is more important than ever. Meanwhile in South Sudan over the past year, GOAL have supported 14,000 households with food security and livelihoods interventions in South Sudan, while in Malawi, GOAL is concentrating on providing health education.

## Aonach Leabhar

D'éirigh thar barr le Aonach na Leabhar agus bhain na páistí an-sult as. Bhí sé go hiontach páistí a fheiceáil ag léamh agus ag plé leabhair lena chéile. Táimid thar a bheith buíoch do gach duine a chabhraigh linn sa halla agus do na páistí agus tuismitheoirí a thug tacaíocht don Aonach.

D'éirigh linn luach €3780 leabhar a dhíol agus fuaireamar luach €1890 i leabhair do na leabharlanna ranga dá bharr.



## Book Fair

The Book Fair was a great success and it was fantastic to see the children enjoying books, reading together and discussing books with each other. We are so grateful to all the parents who helped in the hall and those who supported the Aonach.

We sold €3780 worth of books and as a result we have received €1890 worth of books for our class libraries.

## Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigéide ar an Aoine an 25 Deireadh Fómhair.

## Briseadh Meántéarma

Scoil dúnta Luan 28 Deireadh Fomhair go Aoine 01 Samhain.



## Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Friday the 25th of October.

## Briseadh Mid-term

School closed Monday 28 October to Friday 01 November.

## Cruinnithe Tuistí Múinteoirí

Beidh na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí ar siúl sa scoil ar an **Déardaoin an 21 Samhain** ó 2.45pm ar aghaidh. Beidh coinne 10 nóiméad ann do gach dalta sa scoil. Cuirfear nasc chuig clár sceidealú coinní amach chugaibh i ndiaidh na Samhna le gur féidir libh coinne a dhéanamh do bhúr bpáistí.



## Parent Teacher Meetings

Our Parent/Teacher meetings will be held in the school on **Thursday 21st November** from 2.45pm onwards. Each pupil in the school will be allocated a 10 minute slot. A link to the scheduling programme will be sent out after Halloween that will allow you to sign-up for meetings for your children.

## Seachtain na Matamaitice



**R1B** Rinne muid a lán bácáil an tseachtain seo chaite in Rang a 1B le haghaidh seachtain na matamaitice. Bhácáil muid scónaí agus cístí féileacáin. Bhí orainn na comhábhair ar fad a mheá, a mheascadh agus a tháthú le huibheacha (seachas na scónaí mar go ndearna an múinteoir dearmad na huibheacha a cheannach!) Bhí gach uile rud iontach blasta ar fad, na cístí beaga ach go háirithe.



### R2 & R3 Bricks4Kids - LEGO WeDo

Bhí Ceardlann Lego WeDo ag R2 & R3 mar chuid de Sheachtain na Matamaitice. Bhí na daltai ag gabháil do thógáil LEGO Teicnic agus coinceapa bunúsacha STEM. B'éigean do na daltaí ainilísiú a dhéanamh ar na treoracha & iad a leanúint, Sortáil & rangú a dhéanamh ar na píosaí LEGO & mionsamhail uathoibríoch a thógáil. Bhí an chomhoibriú i measc na ndaltaí agus an-sásamh faighte acu nuair a d'éirigh leo an tasc a chur i gcrích.

R2 & R3 participated in LEGO WeDo workshops duiring Maths Week. The children were introduced to the LEGO Technic build and STEM concepts. The pupils had to analyse and follow the instructions, sort and classify the correct LEGO pieces for each instruction and go on to build their own fully working model. There was great collaboration amongst the pupils and great satisfaction on successful completion of the task.

## Maths Week



**R1B** did lots of baking last week as part of Maths Week. They baked scones and butterfly cakes. They had to weigh all the ingredients, mix and bind them with eggs. The scones and cakes were absolutely delicious (I got to taste both!) and the beautiful aroma of freshly baked cakes drifted throughout the school teasing the taste buds of the other pupils.








## An Príomhoide Cormac Chambers

*Ba mhaith linn comhghairdeachas mór a ghabháil leis an Múinteoir Cormac Chambers as a bheith ceapaithe mar phríomhoide i nGaelscoil Lios na nÓg i Rannallach. Tá Cormac ag obair linn anseo in Gaelscoil Thaobh na Coille ó cáilíodh é mar mhúinteoir bunscoile i 2002. Mothóimíd ar fad uainn go mór é nuair a fhágann sé muid ag deireadh na seachtaine seo. Gabhaimíd fíor-bhuíochas leis as gach a bhfuil déanta aige i nGaelscoil Thaobh na Coille thar na blianta agus guímíd gach rath air ina phost nua.*

We would like to congratulate an Múinteoir Cormac Chambers on his appointment as príomhoide of Gaelscoil Lios na nÓg in Rannallagh. Cormac has been working with us here in Gaelscoil Thaobh na Coille since graduating as a primary school teacher in 2002. He will be sorely missed when he leaves us at the end of the week to take up his new position. We would like to thank him for everything that he has done in Gaelscoil Thaobh na Coille over the years and wish him all the best in his new role.

## Tráth na gCeist



**Tráth na gCeist do Thuistí & Páistí**

Table Quiz - For Parents and Children

**R3 go R6**

**Dé Céadaoin, 23 Deireadh Fómhair**

**7pm, sa Halla**

**€20 – 4 ar gach foireann**

*€20 per team of 4 to enter*



**Ócáid iontach clainne lán le craic**

*Great fun family event*

**Neart duaiseanna le buachaint**

*Lots of spot prizes to be won*

A eagrú ag Coiste na dTuismitheoirí

Organised by Coiste na dTuismitheoirí

## The Rapunzel Foundation



Dheonaigh Ailbhe Nic Pháidín (R5A) a cuid gruaige do charthanacht Rapunzel faoi dhó anois. An chéad uair i 2017 agus arís i mbliana 2019. Nach í atá cróga. Maith thú a Ailbhe as tacaíocht a léiriú do thionscamh inmholta dá léithéid.



Ailbhe Nic Pháidín (R5A) has donated her hair to The Rapunzel Foundation twice now - once in 2017 and again in 2019. The Rapunzel Foundation helps to improve the lives of those living with hair loss (alopecia) through hair donations. Hair is raised through the Rapunzel Foundation's Ponytail Campaign. Well done Ailbhe for supporting such a worthy cause.

## Crann Beithe N2B

*Chur N2B crann beithe sa talamh ar an Aoine 18ú Deireadh Fómhair. Bhí an rang ag foghlaim faoi na codanna éagsúla den chrann agus ag tabhairt aire dó sa rang roimhe sin. Le cabhair ó Cholm an airíoch scoile, chur an rang an crann sa talamh le chéile in aice le geata amach na scoile. Coinnigí súil ar agus é ag fás!*

Rang N2B planted a beech tree on the 18th of October. Since returning to school in September the pupils have been learning about the different parts of the tree and cultivating and minding the young sapling it in the classroom. With the help of Colm our caretakers, they planted the tree in the grass verge beside the exit gate. Keep an eye on it as it grows!





